

Treoir d'athoscailt foireann na Scoile

Reamhrá

Cuireadh an polasaí seo le chéile chun cabhrú le múinteoirí, Bord Bainistíochta agus tuismitheoirí an cur chuige i leith athoscailt na scoile a thuiscint.

Ba chóir an doiciméid seo a léamh i gcomhréir le doiciméid athoscailte na scoile na Roinne agus Ciorclán 0045/2020 & 0049/2020 atá ar fáil ag www.education.ie.

Déanfar cinnte go bhfuil an foirgnimh sábháilte le athoscailt trí an córas uisce a scrúdú, an córas aláram tine a scrúdú, an áitreabh a néatú agus aon mion deisiúcháin a dhéanamh.

Aidhmeanna

1. An riosca a bhaineann le Covid-19 a laghdú.
2. Páistí a chuir ar a suaimhneas
3. Cur síos ar an gCuraclam Foghlama
4. Pleanáil don Chianfhoghlaim
5. Na céimeanna le glacadh má tá cás Covid-19 sa scoil nó mar cheaptar go bhfuil Covid-19 ar dhuine.
6. Cur síos ar chumarsáid le pairtnéirí gaolmhara

Cur Chuige

1. An Riosca a Bhaineann le Covid-19 a laghdú.
Ní féidir an riosca a shárú ina iomlán. Ní féidir ach é a laghdú.

Foireann

- Déanfaidh gach ball foirne cúrsa na Roinne ar líne faoi Covid19.
- Ceapfar ball foirne chun a bheith ina c(h)eannasaí ar chúrsaí Covid-19 sa scoil.
- Líonfaidh gach ball foirne foirm RTW trí lá sular osclaítear na scoile
- **Sínófar isteach / amach ar bhonn laethiúil**
- Tá dualgas reachtúil ar an bhfoireann chun cúram réasúnta a thabhairt dá sláinte agus dá sábháilteacht féin, chomh maith le sláinte agus sábháilteacht a gcomhghleacaithe agus páirtithe eile. Tá comhoibriú agus cabhair na foirne riachtanach chun scaipeadh COVID-19 a laghdú agus chun sláinte agus sábháilteacht a chosaint chomh fada agus is féidir sa scoil.
- Tá ról lárnach ag gach ball foirne. Mar sin de, chun filleadh sábháilte ar ais ar an obair a éascú, áirítear ar na dualgais na rudaí seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:
- cloígh le Plean Freagartha COVID-19 na Scoile agus na bearta smachta atá leagtha amach.
- comhlánaigh an Fhoirm um Réamh-fhilleadh ar an Obair roimh fhilleadh ar ais ar obair
- cuir an príomhoide ar an eolas maidir le aon rud bainte le COVID-19 nach bhfuil luaite ar an bhfoirm agus atá riachtanach a nochtadh chun filleadh sábháilte ar an ionad oibre a éascú.

- glac páirt in Oiliúint Ionduchtaithe COVID-19 agus aon traenáil eile atá de dhíth roimh fhilleadh ar ais ar scoil
- bí ar an eolas agus cloigh le dea-chleachtais bhéasaíochta sláinteachais agus anála
- oibrigh go dlúth lena gcomhoibrithe ionas go mbeidh scaradh sóisialta maith i bhfeidhm.
- bí ar an eolas maidir le comharthaí COVID-19 agus tabhair aire dá fholláine féin
- déan féin-aonrú sa bhaile agus téigh i dteagmháil gan mhoill lena dhochtúir chun tuilleadh comhairle a fháil má thaispeánann sé aon chomhartha de COVID-19
- fan sa bhaile agus ná fill ar an scoil má tá aon chomhartha de COVID-19 agat
- má thaispeánann sé aon chomhartha de COVID-19 agus é ar scoil, cloigh leis an nós imeachta scoile.
- bí ar an eolas agus cloigh le treoracha na n-údarás sláinte poiblí is déanaí.

Iarrtar ar bhaill foirne *clúdach aghaidh* a chaitheamh sna pasáistí scoile. Iarrtar iad a chaitheamh sna seomraí ranga má ta tú laistigh de 2m. Má bhíonn ort dul isteach i seomra ranga eile, déan cinnte do lámha a ghlanadh théis duit fágáil.

Tinneas

- Ba chóir d'aon bhall foirne nó páiste nó tuismitheoir atá tinn fanacht sa bhaile agus comhairle a fháil ón dochtúir chomh luath agus is féidir.
- Cuirfear abhaile aon pháiste nó ball foirne atá tinn. Ba chóir do thuistí cinntiú go bhfuil socraithe déanta acu sa chaoi gur féidir leo páiste a bhailiú taobh istigh d'achar ghearr.
- Níl an scoil faoin scéim naisiúnta ionadaíochta. I gcás múinteoir a bheith tinn leanfar na treoracha atá i gCiorclán 0045/2020.
- Coinneofar taifead iomlán ar aon chuairteoir chuig na scoile.

Slántaíocht

- Meabhrófar do dhaltáí agus foireann na lámha a ghlanadh go minic le gallúnach nó díghalrú lámha ag teacht ar scoil, ag teacht isteach ón gclós, tar éis an leithreas a usáid, roimh bia a ithe agus sular dtéann said abhaile. Cuirfear gallúnach agus ábhar díghalrú lámha ar fáil i ngach seomra ranga agus in áitanna eile timpeall na scoile
- Iarrtar ar baill foirne masc/visor a chaitheamh má thagann siad 2m in aice le páiste.
- Cuirfear córas glantúchán éifeachtach i bhfeidhm
- Ní roinnfear trealamh idir páistí chomh fada agus is féidir: siosúr, scuab péinte, criáin, leabhair srl. Glanfar aon trealamh / acmhainne a roinnfear.
- Coinneofar leabhair agus trealamh sna cófraí.
- Cuirfear ábhar glantúchán ar fáil do gach ball foirne chun a ionad oibre féin a choinneáil glan.

Scaradh Shóisialta

- Beidh cruinnithe foirne sa halla nó air Zoom. Déanfar cruinnithe le tuistí ar an bhfón nó i seomra ranga atá ceadaithe le spás riachtanach
- Ní cheadófar aon tuismitheoir nó cuairteoir san fhoirgnimh ach amháin i gcásanna práinneach nó le cead ón bpríomhoide. Caithfear mascanna a chaitheamh taobh istigh den bhfoirgneamh scoile.
- Ní bheidh aon chlubanna iarscoile ar siúl ag an bpointe seo.

- Fanfaidh páistí ina ngrúpa ranga agus ní mheascfaidh said le rang ghrúpaí eile taobh istigh sa bhfoirgneamh.
- Ní bheidh an leabharlann in úsáid ach le leabhra a bhailiú agus filleadh ar an seomra ranga.
- Beidh spóirt ar siúl taobh amuigh. Roinnfear an trealamh spóirt ar ranganna.
- Ní bheidh an halla in úsáid le haghaidh spóirt.
- Níl ach 9 duine ceadaithe sa seomra foirne ag aon am amháin ag cleachtadh scarúint shóisialta. Glan an bord & cathaoir théis duit é a úsáid sa seomra foirne.
- Leagfar na seomraí ranga ó Rang 3-6 sa chaoi go bhfuil 1m idir na páistí chomh fada agus is féidir. Beidh cead ag na páistí súgradh le aon duine ina rang ghrúpa sa chlós agus scarúint shóisialta á chleachtadh chomh fada agus is féidir. Ní ghlacfar le aon iarratais ó thuistí páistí a chur i meitheal áirithe.
- Beidh an clós roinnte agus am lón éagsiúil ag na ranganna thuas agus thíos staighre
- Ag teacht ar scoil: Scaoilfear do pháistí dul díreach chuig na ranganna óna 8:40. Iarrtar ar thuistí a bpáistí a sheoladh chuig na scoile idir 8:40-9:00. Beidh na múinteoirí sna seomraí ranga óna 8:40r.n.
- Ag dul abhaile:
 - Scaoilfear na Naí @ 1:30
 - Scaoilfear Rang a 1 & 2 @ 2:20
 - Scaoilfear Rang a 3/4/5/6 @ 2:30
 - Beidh áit ar leith do chách chun seasamh lena bpáistí a bhailiú

Eolas

- Cuirfear postaeir timpeall na scoile ag leiriú eolas faoi Covid-19 agus na siomptóim a bhaineann leis.

Socrúithe Scoile

Seomra	Uas-mhéid Duine (Fág 1m i gcónaí)
Seomra Foirne	9 (Glanta x 3 gach lá) Gach duine freagrach as spás a fhágáil Rogha agat do ghréithe féin a thógáil leat nó cinn na scoile a úsáid. Beidh rota sa chistin ar aon nós. Glan an bord & cathaoir théis duit iad a úsáid. Bácáil an Aoine?
Oifig Emma	3
Seomra Garcabhair	3
Seomra Cruinnithe	4
Oifig Fergus	3
Leabharlann	Rang i ngrúpaí / glanta tar éis gach grúpa
Seomra Céadfach	CRS agus duine nó beirt leis an doras fágtha ar oscailt (más cú)
Halla	Níl sé in úsáid le haghaidh spóirt ag an bpointe seo
Aistear	Rang amháin gach seachtain / seachas R1 Déanfar dian-ghlanadh ar na bréagáin ar an Aoine

Socruithe Eile	
8:40-8:50 Maoirseacht	Naí ag súgradh le bréagáin R1-R6 eagrúcháin / ag léamh / gníomhaíochtaí / cluichí teanga / táblaí / comhrá srl.
8:50-9:00 Múinteoir Ranga	Naí ag súgradh le bréagáin R1-R6 ag ceartú obair bhaile / ag léamh / gníomhaíochtaí / cluichí teanga / táblaí / am-ciocal / Nuacht srl.
9:00	Ranganna scoile tosnaíthe i gceart
Bainne	Beirt as R3 faoi stiúr CRS Bainne fágtha taobh amuigh den rang Caithfidh gach múinteoir aon bhainne atá fágtha a fholamhú agus a chaitheamh amach
Lón	Caithfidh na páistí aon bhruscar a ghluadh abhaile leo. Ní bheidh na boscaí bruscar ach in úsáid le haghaidh bruscar a chruthaítear ar scoil. Ith an lón as na boscaí lón / na leag ar an mbord iad.
Bréagáin	Níl aon chead bréagáin a ghluadh ar scoil Tiocfaidh CRS chuig ranganna na Naí. chun tacú leo na bréagáin a ghlanadh gach seachtain
Fearas Spóirt	Roinnfear fearas spóirt ar ranganna ar feadh tréimhse ama. Ansin déanfar iad a ghlanadh agus a mhalartú...
Am Órga	Úsáid am drámaíochta / ealaín / spóirt / ceol / am ciocal mar d'am órga. (Maximise direct contact time with teachers)
Tac Foghlaim	Cuirfear tacaíocht ar fáil ag bun an tseomra ranga ar feadh píosa. Comh-mhúinteoireacht a úsáid go héifeachtach Grúpaí beaga le tógáil amach as an seomra ranga de réir mar a shocraíonn an múinteoir Tac Fogh de réir na treoirlínte.
Seomra Ranga	Is faoin múinteoir atá sé an seomra ranga a eagrú mar is cuí chun teacht le na treoir línte. Má tá pods i do sheomra is féidir leo a bheith i ngrúpaí go 4/6.

2. Páistí a chuir ar a suaimhneas

- Beidh lá oscailte ann do pháistí agus tuistí ata sa naíonáin bheaga ar an Mháirt 25ú Lunasa.
- Ina dhiaidh sin baileofar páistí na naíonáin ón gclós. Beidh cead ag tuistí teacht isteach sa chlós leis na naíonáin ar feadh tréimhse ama.

- Déanfar suirbhé ar shláinte na ndaltaí nuair a fhilltear chun eolas a bhailiú. Cuirfear ceachtanna i bhfeidhm chun tacú le deacrachtaí a shárú.
- Cuirfear béim ar timpeallacht taitneamhach suaimhneach a cruthú sa scoil.
- Tuigeann an scoilphobal go dtógfaidh sé tamall ar pháistí áirithe socrú futhu agus go bhfuil ról againn ar fad chun an páiste a chur ar a suaimhneas sa scoil.
- Beidh cabhair á lorg ó siceolaithe NEPS nó foinsí tacaíochta eile más gá.

3. Cur Síos ar an gCuraclam Foghlama

- -Beidh gach múinteoir eolach ar na moltaí atá i dtreoirlínte na Roinne i dtaobh an curaclam.
 - Ní bheidh Béarla á mhúineadh in aon rang don chéad cóicís.
 - Ní bheidh aon obair bhaile ag na páistí go dtí théis lár Mheán Fómhair.
- Déanfar dul siar don chéad mhí bunaithe ar an gCuntas Míosúla a fágadh ullamh ón Samhradh
 - Cuirfear béim ar an lítríocht, an matamaitic, corp oideachais agus OSPS don chéad mí. Cuirfear béim ar sláinte agus meabhairshláinte na bpáistí sna ceachtanna OSPS.
 - I gcás ionadaí a bheith in aon rang, leanfaidh an t-ionadaí an plan seachtaine atá ag an múinteoir ranga ina dialann chomh fad agus is féidir.

4. Pleanáil don Chianfhoghlaim

- -Beidh múinteoirí oideachais speisialta ag tacú leis an múinteoir ranga chun obair a chur ar fáil do pháistí atá ag foghlaim sa bhaile do thréimhse ama níos mó ná seachtain toisc an ngéarchéim.
 - Beidh an múinteoir ranga i gceannas obair a chur ar fáil do thréimhsí níos lú ná seachtain má iarrtar an obair sin.
 - Más gá don scoil dúnadh nó rang a choinneáil sa bhaile cuirfear an scéal seo in iúl do thuistí tríd Aladdin agus ríomhphost. Tá sé riachtannach go mbeadh an aip in úsáid ag gach tuismitheoir.
- -Cuirfear cianfhoghlaim ar fáil trí Dojo agus Zoom agus an scoil ag leanúint na treoracha atá leagtha amach ag an Roinn. Beidh teagmháil laethúil ag múinteoirí le páistí.

5. Na céimeanna le glacadh má tá cás Covid-19 sa scoil nó mar cheaptar go bhfuil Covid-19 ar dhuine.

- I gcás go bhfuil páiste as láthair le tinneas ba chóir do thuistí ríomhphost a chur ag an scoil ag miniú an scéal.
- Má tá scrudú Covid 19 molta do'd pháiste nó más teagmhálaí iad ba chóir an páiste a choinneáil sa bhaile agus an scéal a chur ag an scoil.
- Leanfar comhairle an Feidhmeannas Sláinte i dtaobh cás Covid 19 a bheith sa scoil.

- I gcás go bhfuil múinteoir den tuairim go bhfuil páiste ag léiriú siomptóim Covid 19 nó go bhfuil ball foirne ag léiriú siomptóim cuirfear ceist ar an duine masc a chaitheamh agus tógfar ag an seomra aonarú iad. Is é an seomra aonarú inár scoil ná an cistin sa halla.
 - Déanfar socraithe láithreach chun an duine a thabhairt abhaile trí ghlaoch a chur ar thuismitheoirí nó más gá otharcharr (999) nó seirbhísí sláinte.
 - Is gá do thuistí agus ball foirne cinntiú go bhfuil plean éigeandála réitithe acu i gcás go n-éiríonn páiste nó ball foirne tinn ar scoil. Iarrfar cóip den plean seo a chur ar fáil don scoil sular ath-osclaítear an scoil.
 - Déanfar an seomra aonarú, an bealach chun an seomra agus an seomra ranga a ghlanadh agus a díghalrú chomh luath agus is féidir tar éis cás tinnis.
6. Cur síos ar chumarsáid le pairtnéirí gaolmhara
- Beidh cóip den pholasáí seo ar fáil ag www.gsch.ie
 - Moltar do gach ball den scoilphobal na doiciméid atá ar fáil ag education.ie a léamh go beacht.
 - Tá sé riachtanach go mbeidh an aip Aladdin in úsáid ag gach tuismitheoir.
 - Cuirfear aon chomhfhreagras ón Roinn a bhaineann le tuistí go tuistí trí ríomhphost.
 - Beidh físeán á dhéanamh chun fáilte a chur ar na páistí ar ais ar scoil.
 - Ba chóir do thuismitheoirí aon bhuairt nó ceist atá acu a chur runai@gsch.ie
 - Níl an oifig scoile in ann aon cheisteanna nó buairt atá ag tuistí a bhaineann leis an mbus scoile a fhreagairt.

Daigniú

Phléigh an foireann an pholasáí seo ar an 26ú Lúnasa 2020 ag cruinniú foirne.

Ghlac an Bord leis an bpolasaí seo ar an 20ú Lúnasa 2020 ag cruinniú bord.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo I mí na Nollag 2020